Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

# 2016

# Clár Ábhar


1. Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013

1.1 Ráiteas an Rialálaí 2

1.2 Foireann Bainistíochta 3

1.3 Feidhmeanna an Rialálaí 4

*1.3.1 Maoirseacht ar an Oibritheoir 5*

*1.3.2 Ceaduithe rialála faoin Acht agus faoin gCeadúnas 10*

*1.3.3 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta 11*

*1.3.4 Forfheidhmiú Trádmharcanna 12*

1.4 Gnóthaí Corparáideacha 13

*1.4.1 Straitéis 13*

*1.4.2 Rialachas corparáideach 14*

*1.4.3 Acmhainní agus foirniú 14*

*1.4.4 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 14*

*1.4.5 Iniúchadh Inmheánach 14*

*1.4.6 Bainistíocht Riosca 15*

*1.4.7 Ceanglais Reachtacha 15*

Aguisín: Feidhmíocht vs Caighdeáin Feidhmíochta an PLI mar a thuairiscigh an PLI don Rialálaí 16

2. Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta 17
Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun alt 22(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013

3. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta 31
Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun alt 44(4) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013

# 1.1 Ráiteas an Rialálaí



**Ms Carol Boate**
*Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta*

De réir Mhíreanna 22 agus 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, is mian liom Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla do Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016.

Baineann níos mó ná 40% de dhaonra dhaoine fásta taitneamh as an gCrannchur Náisiúnta go rialta. Tá an Crannchur Náisiúnta 30 bliain ar siúl agus tá sa bhreis is €5 billiún ardaithe aige do Chúiseanna Maithe sa tréimhse sin. Le linn 2016, aistríodh €218.9 milliún chun tacú le Cúiseanna Maithe, €4.2 milliún ar an meán in aghaidh na seachtaine.

Is é 2016 a shonraíonn críochnú an dara bliain iomlán oibríochtaí faoin gCeadúnas 20 bliain tugtha don Oibreoir, Príomhchrannchuir Náisiúnta na hÉireann DAC ar an 27 Feabhra 2014. Tosaíodh oibríochtaí faoin gCeadúnas ar an 30 Samhain 2014.

Thosaigh mé mar Rialálaí ar an 9 Deireadh Fómhair 2017 tar éis don Rialálaí roimhe seo, Liam Sloyan, dul ar scor ar an 3 Bealtaine 2017. Rinne an tAire Airgeadais, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú gníomhaíocht ar fheidhmeanna an Rialálaithe san idirthréimhse. Baineann an ráiteas seo agus na Cuntais i gceangail leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2016.

Sa bhliain 2016 chríochnaigh an Oifig líon athbhreithnithe téamacha ar na hoibríochtaí an Chrannchuir Naisiúnta, i réimsí rialuithe frith-chalaoise, faomhadh fochonraitheoirí, oiriúnacht agus ionrachas agus forfheidhmiú trádmharcanna. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh an Oifig leis an Oibreoir maidir le feabhsúcháin i mbearta cosanta imreora go háirithe maidir le féin-eisiaimh, iliomad cuntas agus fíorú aitheantais agus aoise. Tá an obair leanúnach.

Sa bhreis ar ár bhfiosrúchán déanta ar son an Rialálaithe i 2016 bhreithnigh an Rialálaí gur bhris an tOibreoir téarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais maidir le rialuithe féin-eisiamh agus gur eisigh treoir chomhlíonta leis an Oibreoir.

Mar chuid dá bhfeidhmeanna leanúnacha, leanann an Oifig gearáin maidir leis an Oibreoir a fháil agus tabhairt fúthu.

Bhí áthas ar an Rialálaí cur i láthair a dhéanamh agus ceisteanna a fhreagairt ón gComhchoiste Oireachtais ar Airgeadais, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus an Taoiseach ar an 7 Márta 2017.

Mar an Rialálaí nuacheaptha tá athas orm obair agus tiomantas mo chomhghleacaithe go háirithe maidir leis an iarthréimhse in athrú an Rialálaithe a aithint. Aithním agus gabhaim buíochas freisin leis an Aire Paschal Donohoe agus oifigigh na Roinne as a gcuid tacaíochta agus cúnaimh sa bhliain agus sa tréimhse idirlinne sular ceapadh mé.

Sa deireadh tá áthas orm mo bhuíochas do thiomantas agus díogras an Rialálaithe roimhe seo Liam Sloyan a chur in iúl maidir le bunú agus forbairt na hOifige.



**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

# 1.2 Foireann Bainistíochta

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 agus cheap an tAire Caiteachais Phoibli agus Athchóirithe an chéad Rialálaí Liam Sloyan ar an 17 Samhain 2014 agus chuaigh ar scor ina dhiaidh sin ar an 3 Bealtaine 2017. Rinne an tAire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gníomhaíocht ar fheidhmeanna an Rialálaithe sa tréimhse ón 4 Bealtaine go dtí 8 Deireadh Fómhair 2017. Ceapadh Carol Boate mar Rialálaí, le héifeacht ón 9 Deireadh Fómhair 2017.

An Rialálaí agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí is ea;



### Ms Carol Boate

***Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta***

Tacadóir agus cleachtóir is ea Ms Boate ar rialú níos fearr chun leasa tomhaltóirí agus an gheilleagair. Tá B.A. aici in Eacnamaíocht ó Choláiste na Trionóide agus M.Sc. In Eacnamaíocht ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath chomh maith le teastais iarchéime i nDlí na hIomaíochta agus Rialachas Rialála AE. Sular ceapadh í mar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ba Stiúrthóir í Ms. Boate ar Sheirbhísí Corparaideacha agus roimhe sin Stiúrthóir i Rialachas agus Rannpháirtíocht Ghnó ag an gCoimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Roimhe sin d'oibrigh sí ag an Údarás Iomaíochta go príomhúil i réimsí cumasc rialála agus eadálacha agus ag tacú le hathruithe ar dhlíte agus rialúcháin a chuireann bac le hiomaíocht éifeachtach.



### An tUasal Derek Donohoe -

***LeasRialálaí an Chrannchuir Náisiúnta / Ceann ar Iniúchadh agus Airgeadas***

Comhalta Chuntasóirí Cairte na hÉireann is ea an tUasal Donohoe agus tá teastas aige sa Chuntasaíocht Fóiréinseach. Tá breis is 30 bliain taithí aige i gcúrsaí cuntasaíochta agus iniúchta. Iarpháirtí é i bpríomhchleachtas cuntasaíochta Éireannach le taithí suntasach i réimsí iniúchta, tuairisciú airgeadais, cuntasaíocht fóiréinseach, rialachas corparáideach, athbhreithnithe comhlíonta agus dícheallachta cuí. Chuir sé seirbhísí iniuchta agus comhlíonta ar fáil do phunann eintitís rialáilte sa rannóg airgeadais ar feadh roinnt blianta.



### Ms Suzanne Lambe

***Bainisteoir um Ghnóthaí Corparáideacha***

Ball is ea Ms Lambe ar Chuntasóirí Poiblí Deimhnithe na hÉireann agus tá Teastas Iarchéime aici i mBainistíocht Tionscadal. Tá breis is 10 mbliana taithí aici in airgeadas, cuntasaíocht agus iniúchadh sa earnáil phoiblí. Sular tháinig sí isteach b'Oifigeach Airgeadais í Ms Lambe leis an gComhairle Múinteoireachta, an comhlacht rialála do mhúinteoirí. Roimhe sin bhí roinnt post aici in airgeadas, cuntasaíocht agus riarachán laistigh den earnáil phríobháideach.



### An tUasal Cian O'Sullivan

***Ceann Dlí agus Comhlíontachta***

Is ball an tUasal O'Sullivan de Dhlí-Chumann na hÉireann é cáilithe mar aturnae i 2001. Tá Baitsléir sa Dli Sibhialta agus Máistir Dlíthe chomh maith le teastais iarcháilithe aige arna ndámhachtain ag Dlí-Chumann na hÉireann, an Institiúid Cánachais in Éirinn agus an Cumann Árachais Saoil. Sular ceapadh é mar Cheann Dlí agus Comhlíontachta ghníomhaigh sé mar chigire le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Roimhe sin d'oibrigh sé i dlí agus comhlíontacht i gcomhlacht árachais mhóir agus i bpríomhghnólacht dlí.



### Ms Siobhan Phillips

***Ceann Cosaint agus Taighde Imreora***

Síceolaí Cláraithe le Cumann Síceolaithe na hÉireann is ea Ms Phillips agus tá M.Sc., H.Dip agus BA (onóracha) aici sa tSíceolaíocht. Sular tháinig sí isteach le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ba Cheann í ar Infreastruchtúr Taighde agus Meastóireachta ag Fundúireacht Eolaíocht na hEorpa. Tá gairm bheatha fada aici i dtaighde agus meastóireacht beartas poiblí mar chomhairleoir agus speisialtóir meastóireachta agus tá an-chuid tuarascálacha foilsithe aici in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ceann Aonad Meastóireacht Tionscail Chistí Struchtúrtha AE ab ea í ag an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta le roinnt blianta agus Luachálaí Cláir ab ea í freisin do Chiste Sóisialta na hEorpa.



### An tUasal David Scott

***Cuntasóir***

Ball den Institiuid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí is ea an tUasal Scott agus tá céim Baitsiléir Eolaíochta aige sa Mhatamaitic. Tá breis is 20 bliain taithí aici in airgeadas, cuntasaíocht agus iniúchadh. Sular tháinig sé isteach le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ba Bhainisteoir Airgeadais agus Riarachain é an tUasal Scott leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag rialú eintiteas maonaithe trí dheontais. Roimhe sin bhí poist aige sna hearnálacha tríú leibhéil oideachais agus rialtais áitiúil agus sa RA.

# 1.3 Feidhmeanna an Rialálaithe

Tá cur síos déanta san Acht ar fheidhmeanna an Rialálaithe agus san áireamh orthu tá:

- Reáchtáil an Crannchur Náisiúnta a sholáthar;
- Oibriú an Chrannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais agus é a chur i bhfeidhm;
- Faomhadh ábhair áirithe maidir leis an gCrannchur Náisiunta (lena n-áirítear scéimeanna do chluichí ChrannchuirNáisiúnta) a mheá;
- Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú; agus
- Cearta forfheidhmithe aon trádmharc an Chrannchuir Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Le haghaidh mionsonraí iomlána déan tagairt le do thoil don Acht.

Ni mór don Rialálaí na feidhmeanna seo a chomhlionadh i modh a chinnteodh -

a) go reáchtaltar an Crannchur Náisiunta i gceart,

b) go dtugtar cosaint do leasa rannpháirtithe an Chrannchuir Náisiúnta,

c) Go dtugtar cosaint do inbhuanaitheacht an Chrannchuir Náisiúnta go fadtéarmach agus

d) de réir a) go c) a chinntiú go mbíonn ioncam leithdháilte don Chiste Lárnach le dáileadh chun críocha ceadaithe ag an Acht (“cúiseanna maithe”) chomh mór agus is féidir, de réir téarmaí an cheadúnais.

Beidh an Rialálaí faoi réir an Achta neamhspleách i bhfeidhmíocht a cuid feidhmeanna.

### *Ceadúnas a Fhoilsiú chun an Crannchur Náisiúnta a Oibriú*

Foráiltear trí Alt 28 den Acht go bhfoilseoidh an Rialálaí mionsonraí Ceadúnais nó Cód Cleachtais faoi ach nach bhfoilseodh an Rialálaí aon mhionsonraí a mheastar a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de murar mheas an Rialálaí go raibh leas poiblí sáraitheach i gceist ag cur iachall uirthi é a dhéanamh.

Tá an Ceadúnas foilsithe agus ar fail ar shuíomh gréasáin an Rialálaithe faoi réir roinnt atheagraithe teoranta um fhaisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de agus Cóid Chleachtais (www.rnl.ie).

## 1.3.1 Maoirseacht ar an Oibritheoir

Foráiltear trí Alt 9(4) den Acht go ndéanfaidh an Rialálaí monatóireacht ar an Oibritheoir chun féachaint chuige go gcomhlíonfar leis an Acht agus leis an gCeadúnas a chur i bhfeidhm.

Déanann an Rialálaí monatóireacht ar ghníomhaíochtaí an Oibritheora de réir a cuspóirí reachtúla chun a chinntiú go reáchtáiltear an Crannchur Náisiúnta i gceart; go gcosnaitear leasa rannpháirtithe, go ndéantar inbhuanaitheacht an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint; agus faoi réir an mhéid roimhe seo go ndéantar ioncam do chúiseanna maithe a uasmhéadú. Áirítear an méid seo a leanas sa mhaoirseacht seo:

- Rochtain leanúnach ar agus anailís sonraí as córais ghnó an Oibritheora;
- Maoirseacht phróiseas agus rialuithe curtha i bhfeidhm ag an Oibritheoir;
- Glacadh le tuarascálacha agus tuairisceáin ón Oibritheoir agus iad a bhreithniú.
- Cruinnithe rialta leis an Oibritheoir; agus
- Chomh maith leis sin stiúrann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta athbhreithnithe agus imscrúduithe *ad hoc* agus eisíonn iarratais ar thuarascálacha nó faisnéis maidir le hábhair áirithe.

I 2016, stiúir an Rialálaí athbhreithnithe téamúla ar oibríochtaí an Oibritheora freisin, forfheidhmiú trádmharcanna, oiriúnacht agus ionrachas agus bearta um chosaint imreora agus mhaoirsigh breisiúcháin a chuir an tOibritheoir i bhfeidhm, *inter alia,* maidir le rialuithe inmheánacha, rialuithe féin-eisiaimh agus iliomad cuntas.

### *Gníomhaíocht Tráchtála an Oibritheora*

Tá tuairiscithe ag an Oibritheoir gur imir 1.4 milliún duine cluichí an Chrannchuir Náisiúnta go rialta i 2016 se sin níos mó ná 40% de dhaonra na ndaoine fásta.

Bhí €750.2 milliún as díolachán ticéad do 2016 (2015; €670.4 milliún). Bhí €529.8 milliún as díolacháin do chluichí tarraingtbhunaithe (2015; €482.5 milliún) fad is a bhí €220.4 milliún as díolacháin do chluichí ar an toirt (Cluichí cárta scríbe agus Cluichí Buachana ar an Toirt Idirghníomhacha) (2015: €187.9 milliún).

Le linn na bliana d'fhás an cainéal miondíola 32% go 5,290 asraonta.

Bhí roinnt forbairtí cluiche le linn na bliana freisin. Déan tagairt do 1.3, 2 thíos le haghaidh mionsonraí breise le do thoil.

### *Cosaint Imreora*

Faoin Acht is é ceann de chuspóirí an Rialálaithe ná a chinntiú go gcosnaítear leasa rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta. Ag cur leis an gcuspóir seo ta an Rialálaí ag díriú ar an gcaoi ata an tOibritheoir ag cur cosc ar imirt fhabhtach agus imirt faoi aois.

Aithníonn an Rialálaí fad is go mbaineann an chuid is mó de dhaoine taitneamh as gníomhaíocht an Chrannchuir Náisiunta bíonn roinnt daoine nó grúpaí leochaileach nó soghabhálach d'imirt fhadhbach. Aithníonn an Rialálaí go bhfuil gnéithe cluichí, patrúin imeartha agus an timpeallacht chluichíochta ann a d'fhéadfadh rioscaí an imreora a mhéadú go háirithe do ghrúpaí áirithe imreoirí.

Príomhaidhm chun imreoir a chosaint is ea imirt fadhbach a chosc trí mhonatóireacht a dhéanamh ar ghnéithe struchtúracha cluichí agus an timpeallacht chluichíochta dno daonra imreora go ginearálta ach le fócas ar leith ar:

- Iad siúd atá faoi aois: chun críocha an Chrannchuir Náisiúnta sainmhínitear faoi aois nuair a bhítear faoi 18 mbliana d'aois; agus
- Imreoirí leochaileacha sainmhínithe mar iad siúd a bhfuil soghabhálach d'imirt fadhbach nó iomarcach.

### *Cumarsáid agus Fógraíocht Freagrach*

Cuspóir an Rialálaithe is ea a chinntiú go leanann an tOibritheoir cleachtais chluichíochta freagracha, go bhfuil faisnéis curtha ar fáil trédhearcach, inrochtana agus nach bhfuil míthreorach agus nach nochtaítear imreoirí do rioscaí d'aon ghnó nó gan aon neart air a d'fhéadfadh imirt fhadhbach nó faoi aois a bheith mar thoradh air.

Le linn 2016 ghabh an Rialálaí i dteagmháil leis an Oibritheoir go gníomhach maidir le caighdeáin a choinneáil suas i gCód Cleachtais Fógraíochta agus Promóisin.  Mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin baineadh fógra amháin agus athraíodh é chun coinneáil suas le caighdeán faoin gcód sin agus bhí ceann eile ina ábhar cinnidh.

## *Fadhb a Chosc agus Imirt Faoi Aois*

Coinnítear le haidhm fadhb agus imirt faoi aois a chosc trí athbhreithnithe nósanna imeachta agus na timpeallachtaí díolachán / imeartha i gcoinne forálacha an Achta, an Cheadúnais agus na gCód Cleachtais arna bhffaomhadh ag an Rialálaí agus trí phróisis agus cleachtais a aithint agus taighde a dhéanamh orthu a bhfuil éifeachtúlacht léirithe acu maidir le riosca a chosc nó a íoslaghdú.   Chomh maith leis sin tá faomhadh an Rialálaithe ag teastáil do scéimeanna do chluichí crannchuir agus coinnítear le himirt fadhbach a chosc freisin trí anailís dhian ar na hiarratais seo le haghaidh faofa.   Pléitear an fheidhm seo níos mó in Ailt 1.3. 2 den Tuarascáil seo.

Soláthraíonn an tOibritheoir sonraí trasghníomhaíochta imreora ar line go ráithiúil don Oifig.  Déantar anailís ar na sonraí seo d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil imirt fadhbach agus comhlíonta le riachtanais Cheadúnais leagtha amach i Sceideal 9. I 2016 tar éis anailís a dhéanamh ar shonraí féin-eisiaimh imreora tháinig go raibh cúinsí ar aghaidh a mhol go raibh imscrúdú ag teastáil (féach mír Forfheidhmiú thíos).

Cuireann an tOibritheoir tuarascálacha Cosaint Imreora ráithiula ar fáil don Rialálaí a dhéanann monatóireacht agus anailís ar caiteachas imreora, athruithe i bpatrúin imeartha agus tarlú imeachtaí a bhfuil teorainn caitheachais ag baint leo.

Chuaigh an Rialálaí i dteagmháil go gníomhach leis an Oibritheoir maidir le caighdeáin um fíorú aoise sa timpeallacht ar líne i 2016 agus leanann an Oifig ag déanamh monatóireachta agus anailíse ar shonraí aoise ar líne na n-imreoirí curtha ar fáil mar chuid dá sainchúram chun imreoirí a chosaint.

Tá Deimhniú um Chluichíocht Freagrach bronnta ar an Oibritheoir de réir Caighdeáin Chluichíochta Freagraí de chuid Chrannchur na hEorpa agus Cumann Toto.

## *Rialuithe d'Imirt Ar Líne*

Leagadh amach rialuithe áirithe i Sceideal 9 den Cheadúnas le cur i bhfeidhm d'imirt ar líne lena n-áirítear:

- Clárú;
- Seiceálacha aoise randamacha;
- Íocaíocht duaiseanna móra ag brath ar cruthú aoise agus aitheantais;
- Íoctar duaiseanna móra trí sheic.
- Teorainn ar iarmhéid chuntais ar líne; agus
- Teorainneacha ar chaiteachas.

Cuireann na rialuithe seo in éineacht leis na caighdeáin dá dtagraítear thuas a bhaint amach tacaíocht ar fáil chun imirt faoi aois agus fadhbach a chosc.

Maidir le himirt faoi aois ciallaítear leis an rialuithe i bhfeidhm nach bhfuil mionúir in ann clárú chun imirt ar líne lena bhfíoraois.  D'fhéadfadh mionúir clárú ag úsáid bréagaoise (sárú rialacha imeartha) agus imirt ar líne ach ní bheadh siad in ann a n-aois a chruthú d'fhonn duais mhór a fháil agus táthar ag súil go gcuirfeadh sé sin as dóibh é sin a dhéanamh.  Tugtar faoi deara nach dtugann na seiceálacha aoise a rinne an tOibritheoir le linn 2016 aon fhianaise go bhfuil mionúir cláraithe chun imirt ar líne.  É sin ráite b'fhéidir go bhfuil líon beag mionúr nach mbeadh ag súil go n-aithneofaí iad trí na seiceálacha aoise atá i bhfeidhm, nach gcuireann na rialuithe as dóibh, go gcláraíonn siad ag úsáid bréagaoise agus a n-imríonn ar líne.

Tugann an Rialálaí faoi deara an bhéim atá san Acht agus sa Cheadúnas maidir le rialuithe thart ar imirt faoi aois.  Go háirithe tugann an Rialálaí faoi deara forálacha an Achta gur choin é ticéad an Chrannchuir Náisiúnta a dhíol le mionúr agus an fhoráil gur cosaint é in ionchúiseamh don díoltóir do chion den sórt sin a thaispeaint gur "chuir sé céimeanna réasúnacha go léir i bhfeidhm maidir le haois an duine ag ceannach an ticéid a fhíorú".  Dá réir tá dualgas ar an Oibreoir a chinntiú nach bhfuil sé/sí ag díol ticéid an Chrannchuir Náisiúnta le mionúir agus go bhfuil sé/sí ag tógáil céimeanna réasúnacha go léir chun a fhíorú go bhfuil siadsan atá ag ceannach ticéid an Chrannchuir Naisiúnta 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Chomh maith leis na rialuithe leagtha amach i Sceideal 9 den Cheadúnas, tá córas tugtha isteach ag an Oibritheoir inar féidir leis an Oibritheoir patrúin ghníomhaíochta a d'fhéadfadh a chur in iúl go bhfuil imirt fadhbach i gceist idirghníomhú leis an imreoir chun feasacht a ardú maidir le tacaíochtaí atá ar fáil, lena n-áirítear áiseanna chun teorainneacha caiteachais a chur ar bun, féin-eisiamh agus rochtain ar sheirbhéisí ó GambleAware. Tuairiscíonn an tOibritheoir leis an Rialálaí maidir leis an gcóras seo go rialta.

Tá feidhmiú rialuithe d'imirt ar líne faoi réir athbhreithniú leanúnach ag an Rialálaí maidir le comhlíonadh leis an gCeadúnas agus leis an Acht agus maidir le héifeachtúlacht araon.

Bíonn meas ag an Rialálaí ar na rialuithe d'imirt ar líne nuair a bhíonn iarratais le haghaidh faomhadh do scéimeanna do chluichí crannchuir a imrítear ar líne á mbeithniú aige nó aici.

## *Gearáin Faighte ó Rannpháirtithe*

Is féidir le baill den phobal pé acu mar rannpháirtithe in aon chluiche den Chrannchur Náisiúnta nó nach ea gearáin a chomhdú maidir leis an gCrannchur Náisiúnta le hOibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta. Is féidir mionsonraí maidir le próiseas gearáin an Oibritheora a fháil i gCód Cleachtais na Rannpháirtithe atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialálaithe agus ón Oibritheoir.

Mar mhalairt air sin, is féidir gearáin a chomhdú leis an Rialálaí. Breithneoidh an Rialálaí an gearán ó thaobh rialála de agus breithneoidh cibé an raibh aon sárú ag an Oibritheoir ar an Acht nó an Ceadúnas nó nach raibh. Ní féidir leis an Rialálaí tionchar a imirt nó athrú a dhéanamh ar chinneadh atá laistigh de shainchúram an Oibritheora seachas a chinntiúu go gcomhlíonann sé leis an Acht agus leis an gCeadúnas. Tá mionsonraí ar conas gearán a dhéanamh leis an Rialálaí agus ar an bpróiseas gearán leagtha amach i suíomh gréasáin an Rialálaithe.

Achoimre ar ghearáin faighte ag an Rialálaí i 2016 agus an beart a rinneadh

| Ábhar na nGearán | Líon |
|---|---|
| Níl trealamh miondíoltóirí ag obair / Crannchur curtha ar atráth | 4 |
| Gearán Miondíoltóra | 1 |
| Taithí ar Líne | 19 |
| Dearadh Cluiche / Praghas | 13 |
| Cártaí Scríbe Éagtha | 5 |
| Faisnéis Curtha ar Fáil | 10 |
| Cáilíocht ábhar | 1 |
| **Iomlán** | **53** |

| An Beart a Rinne an Rialálaí | Líon |
|---|---|
| D'fhreagair an Oifig seo go díreach | 23 |
| D'fhreagair an tOibritheoir tar éis Teagmhála ón Oifig seo | 29 |
| Gearáin leanúnacha ag an 31 Nollaig 2016 | 1 |
| **Iomlán** | **53** |

## *Athbhreithnithe Comhlíonta Téamúla*

Le linn 2016 rinne an Rialálaí na hathbhreithnithe comhlionta téamúla seo a leanas:

### 1. *Oiriúnacht agus Ionrachas*

Baineann Alt 9(2)(a) den Acht le feidhmeanna an Rialálaithe agus cuireann in iúl go gcomhlíonfaidh an Rialálaí a cuid feidhmeanna ar dhóigh a mheasann sí go gcinnteofar *"go reáchtaltar an Crannchur Náisiúnta i gceart"*.

Baineann Alt 36(1)(f) den Acht le cúlghairm an Cheadúnais a fhoráileann gur féidir leis an Rialálaí fógra a sheirbheáil dá rún an Ceadúnas a chúlghairm murar dhuine oiriúnach aon duine atá ag bainistiú an ghnó nó aon chuid de ghnó an Chrannchuir Náisiúnta a reáchtáil faoin gceadúnas..."

Clásal 19 den Cheadúnas dar teideal " Soláthar Faisnéise faoi Stiúrthóirí, Scairshealbhóirí agus Daoine Eile". De bhun Clásal 19.1 ní mór don Oibritheoir faisnéis den sórt sin a chur ar fail don Rialálaí ionas gur féidir léi a chinntiú cibé *"an duine oiriúnach agus ionrach aon duine atá ag bainistiú gnó an Cheadúnaí...."*

Le linn 2016 rinne an Rialálaí athbhreithniú ar chomhlíonadh an Oibritheora lena ndualgais oiriúnachta agus ionrachais faoin Acht agus faoin gCeadúnas. Ní raibh aon bheart ag teastáil le déanamh mar thoradh ar an athbhreithniú.

### 2. *Athbhreithniú Frith-chalaoise*

Baineann Alt 9(2)(a) den Acht le feidhmeanna an Rialálaithe agus cuireann in iúl go gcomhlíonfaidh an Rialálaí a cuid feidhmeanna ar dhóigh a mheasann sí go gcinnteofar *"go reáchtaltar an Crannchur Náisiúnta i gceart".*

Baineann Alt 36(1)(e) den acht le cúlghairm an Cheadúnais agus foláileann go bhféadfaidh an Rialálaí fógra a sheirbheáil dá rún an Ceadúnas a chúlghairm mura "mbíonn sealbhóir an cheadúnais ag tógáil céimeanna nó ar intinn aige nó aici céimeanna a thógáil atá riachtanach nó inmhianaithe chun coimisiún calaoise maidir leis an gCrannchur Náisiúnta a chosc....".

Foráiltear in Alt 43 go mbeidh sé ina chion do dhaoine áirithe, lena n-áirítear an Ceadúnaí, a chuid fostaithe nó gníomhaithe a bheith ina n-úinéirí ar Thicéad Chrannchur Naisiúnta ceannaithe ar luach nó bronnta mar dhuais.

Chomh maith leis sin tá roinnt dualgas frithchalaoise sa Cheadúnas agus dualgais tuairiscithe eile de chuid an Oibritheora.

Le linn 2016 rinne an Rialálaí athbhreithniú ar chomhlíonadh an Oibritheora lena ndualgais oiriúnachta faoin Acht agus faoin gCeadúnas. Ní raibh aon bheart ag teastáil le déanamh mar thoradh ar an athbhreithniú.

### 3. *Fochonraitheoirí*

Foráiltear le Clásal 18 den Cheadúnas nach mór do sholáthraithe seirbhíse don Oibritheoir atá ag cur seirbhísí sonraithe ar fáil a bheith ceadaithe ag an Rialálaí. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna conarthaí a bhaineann leis na seirbhísí sonraithe sin:

(a) Foráil ina gcorpraítear forálacha go léir an Cheadúnais;

(b) Foráil ag ceadú don Rialálaí conradh den sórt sin a chríochnú maá bhreithníonn an Rialálaí go bhfuil an soláthraí seirbhíse ag sárú a chuid/a cuid dualgas; agus

(c) Foráil ag ceadú don Rialálaí faisnéis nó eile an tsoláthraí seirbhíse a iniúchadh chun a chinntiú cibé an bhfuil an Crannchur Náisiúnta á reáchtáil i gceart nó nach bhfuil.

Le linn 2016 rinne an Rialálaí athbhreithniú ar chomhlíonadh an Oibritheora lena ndualgais maidir le fochonraitheoirí faoin gCeadúnas. Ní raibh aon bheart ag teastáil le déanamh mar thoradh ar an athbhreithniú.

4. *Forfheidhmiú Trádmharcanna*

Le haghaidh mionsonraí déan tagairt le do thoil d'Alt 1.3.4 thíos.

## *Forfheidhmiú*

Baineann Cuid 6 den Acht le Forfheidhmiú. Faoi alt 32 den Acht, féadfaidh an Rialálaí imscrúdaitheoir a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú dealraitheach ar an Acht nó ar an gCeadúnas. Faoi alt 33, féadfaidh an Rialálaí ordú a thabhairt don Oibritheoir lena n-éilítear air gníomh(artha) sonraithe a dhéanamh nó scor dá ndéanamh. De rogha air sin, féadfaidh an Rialálaí iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú lena gcuirtear cosc ar an Oibritheoir an tAcht nó an Ceadúnas a shárú nó lena gcuirtear cosc ar an gCeadúnaí comhoibriú le hImscrúdú. Faoi ailt 34 agus 35, féadfaidh an Rialálaí smachtbhanna airgeadais a ghearradh ar an Oibritheoir i gcás gur theip air cloí le hordú. Féadfaidh an Rialálaí mionsonraí aon sáraithe nó treorach nó aon ráiteas ar thorthaí nó aon iarratas chuig an gCúirt faoi alt 35 a fhoilsiú freisin.

I 2016 cheap an Rialálaí imscrúdaitheoir chun sáruithe dealraitheacha an Oibritheora ar na forálacha féin-eisiamh i Sceideal 9 den Cheadúnas a fhiosrú.

In Aibreán 2017 tar éis an imscrúdú a chríochnú agus an Rialálaí dul i mbun teagmhála leis an Oibritheoir d'eisigh an Rialálaí treoir leis an Oibritheoir de réir Alt 33 (1) (a) den Acht ag sonrú gur sháraigh an tOibritheoir téarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais mar a aithníodh ag an imscrúdú agus threoraigh go gcomhlíonfaidh sé le míreanna 6(b) agus 6(c) de Sceideal 9 den Cheadúnas. Foráiltear trí Mhír 6 de Sceideal 9 mar seo a leanas:

*"6. Féin-eisiamh*

a) Beidh imreoir in ann é féin a ghasáil amach as cluiche Buachan ar an Toirt Idirghníomhach ar feadh íosthréimhse 2 lá.

b) Cluichí go Léir - Sé Mhí ar a Laghad

Má roghnaíonn imreoirí an rogha seo dúnfar a gcuntas ar feadh sé mhí ar a laghad agus tabharfar ar ais an t-iarmhéid ina sparán ar líne. Ní bhfaighidh siad aon teachtaireachtaí margaíochta do thréimhse an iasiaimh.

c) Cluichí go Léir - Iosmhéid Mí Amháin (Tóg Sos)

Má roghnaíonn imreoirí an rogha seo cuirfear a gcuntas ar fionraí ar feadh mí amháin ar a laghad. Coimeádfar an t-iarmhéid do na himreoir ina sparán ar líne ach ní bhfaighidh siad aon teachtairechtaí margaíochta do thréimhse a n-eisiaimh".

Go dáta níor éirigh aon ghníomhaíocht fhorfheidhmithe breise mar thoradh ar an imscrúdú. Leanann an Rialálaí ag déanamh monatóireachta go gcomhlíonann an tOibritheoir lena dhualgais faoi Sceideal 9 den Cheadúnas maidir leis seo.

## *Cruinnithe leis an Oibritheoir*

Tagann oifigigh ó m'Oifig agus ionadaithe an Oibritheora le chéile go rialta chun cúrsaí leanúnacha a phlé. Bhí 25 chruinniú rialta ann le linn 2016.

## 1.3.2 Ceaduithe Rialála Faoin Acht agus Faoin gCeadúnas

Bíonn faomhadh nó cead scríofa an Rialálaithe ag teastáil do réimse gníomhaíochtaí an Oibritheora faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta nó an Cheadúnais lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Scéimeanna nua nó leasaithe do chluichí chrannchuir;
- Soláthróirí seirbhíse nua:
- Scéimeanna chun trealamh a thastáil a úsáidtear i dtarraingtí an Chrannchuir Náisiúnta chomh maith le daoine cáilithe chun na tastálacha a dhéanamh;
- Líne tuairiscithe um iniúchadh inmhéanach;
- Cuir Síos Incheadaithe próiseas agus córas; agus
- Athruithe ar Chóid Chleachtais lena n-áirítear:
  - o Cód Cleachtais Rannpháirtithe
  - o Cód Cleachtais Díolachán
  - o Cód Cleachtais Fógraithe agus Promóisin
  - o Cód Cleachtais Fostaithe a Ghrinnfhiosrú.

Le linn 2016 chuir an tOibritheoir isteach 34 iarratas lena bhfaomhadh nó lena gceadú. Bhreithnigh an Rialálaí orthu siúd de réir an Achta agus an Cheadúnais agus ar 30 ócáid d'iarr an Rialálaí níos mó eolais agus / nó roghnaidh an tOibritheoir iarratais leasaithe a chur ar aghaidh lena bhfaomhadh.

Sa deireadh thiar chuir an Rialálaí faomhadh nó toiliú ar fáil maidir le 31 aighneacht faighte ag an Oibritheoir 25 díobh a bhain le scéimeanna do chluichí an Chrannchuir Naisiúnta.

De na 25 aighneacht a bhain le scéimeanna do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta bhain 16 díobh seo le Cluichí Buachana Idirghníomhaíochta ar an Toirt (IWGanna), le 13 aighneacht á faomhadh agus 3 á diúltú ag an deireadh den chuid is mó ar mhaithe leis an imreoir a chosaint.

### *Faisnéis Bhreise maidir le Cluichí Buachana Idirghníomhaíochta ar an Toirt*

I Samhain 2015 thug an tOibritheoir isteach an chéad Chluiche Buachana Idirghníomhaíochta (IWG) faoin gCeadúnas. Imrítear Cluichí Buachana Idirghníomhaíochta ar an Toirt (IWG) ar líne agus bíonn idirghníomhaíocht ar siúl idir an córas agus an t-imreoir cé gur cluiche seans go hiomlán é an cluiche agus ní bhíonn baint ar bith ag gníomhartha an imreora leis an toradh.

De bharr, *inter alia*, nádúr idirghníomhaíochta na gcluichí seo d'fhéadfaidís riosca breisie a dhéanamh ó thaobh cosaint an imreora de. Mar sin féin is féidir é sin a mhaolú trí chreat rialaithe a bhunú leis an rún an riosca d'imreoirí a laghdú. Tá creat rialaithe ag teastáil faoi Sceideal 9 den Cheadúnas agus áirítear iontu teorainneacha maidir le roghanna caiteachais agus féin-eisiamh imreora. Teastaítear ón Oibritheoir de réir Clásal 10 den Cheadúnas an Crannchur Náisiúnta a oibriú de réir cleachtais chluichíochta freagracha a chuireann cosc ar cluichíocht fhadhbach.

## 1.3.3 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta (an "Ciste") faoi Alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 agus leantar leis faoin Acht. Bainistíonn agus rialaíonn an Rialálaí an Ciste faoi réir an Achta agus an Cheadúnais.

Faoi réir an Cheadúnais tá an Ciste déanta suas de chuntas aonair le Banc Ceannais na hÉireann.

Faoi théarmaí an Cheadúnais bronnnta ar an Oibritheoir ar bhonn seachtainiúil:

(1) cuireann an tOibritheoir an méid iomlán as na ticéid a dhíol glan ó choimisiúin mhiondíoltóirí agus ó dhuaiseanna beaga íoctha ag miondíoltóirí i dtaisce sa Chiste,

(2) aistríonn an Rialálaí an méid do dhuaiseanna, seachas duaiseanna beaga, don tseachtain ón gCiste chuig an Oibreoir,

(3) coimeádann an Rialálaí an méid do chúiseanna maithe ríomhtha de réir an Achta agus an Cheadúnais agus aistríonn méideann den sórt sin go tréimhsiúil mar atá comhaontaithe leis an Aire Airgeadais, caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Ciste Lárnach an Státchiste,

(4) coimeádann an Rialálaí sa Chiste agus aistríonn an méid dlite maidir le tobhach an Rialálaí i gcomhréir leis an Tobhach Bliantúil chuig an Rialálaí faoin Acht agus an Ceadúnas, agus

(5) aistríonn an Rialálaí an méid atá fágtha sa tseachtain chuig an Oibritheoir i gcomhréir leis an Acht agus an Ceadúnas.

Athbhreithníonn an Rialálaí faisnéis socraithe seachtainiuil táirgí go léir an Chrannchuir Náisiúnta curtha ar fáil ag an Oibritheoir in éineacht le hathbhreithniú aschur ó dhíolacháin taifeata an chórais chluichíochta Oibritheoir.

Réitítear an Ciste ar bhonn seachtainiuil. Ullmhaítear cuntais bhainistíochta mhíosúla an Chiste agus iad faoi réir athbhreithnithe ag Coiste Airgeadais an Rialálaí lena n-áirítear sainchomhairleoir seachtrach. Ullmhaítear ráitis airgeadais bhliantúla i bhfoirm Fáltas agus Ráitis Íocaíochta agus tá siad faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha in ionad ag an Rialálaí chun an Ciste a bhainistiú agus a rialú agus méideanna a aistriú isteach agus amach ón gCiste. Tá an córas seo de rialuithe inmheánacha a úsáideann an Rialálaí faoi réir athbhreithniú bliantúil ag sainchomhairleoirí iniúchta inmheánacha fostaithe ag an Rialálaí d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir leis an gCiste a bhainistiú agus a rialú.

### *Comhlacht Chrannchur Naisiúnta An Post*

I 2016 níor tháinig chun cinn aon iarratais bhreise ar iocaíocht ó Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta An Post maidir le feidhmiú an Chrannchuir Náisiúnta faoi Cheadúnas an Chrannchuir Náisiunta roimhe sin. I 2017 dheimhnigh Comhlacht Chrannchur Náisiúnta An Post nach mbeadh aon íocaíochtaí breise chuige ag teastáil ón gCiste i ndáil le costais faoin gCeadúnas roimhe sin.

### *Cistí do Chúiseanna Maithe*

Le linn 2016, aistríodh €218.9 milliún ón gCiste chuig an Státchiste do Chúiseanna Maithe i gcomparáid le €193.3 milliún i 2015. Áiríodh sa mhéid do 2016 €7 milliún coimeádtha roimhe sin sa Chiste chun costais idirlinne a íoc nach raibh ag teastáil ag an deireadh.

### *Cuntais Bhliantúla Chiste an Chrannchuir Náisiúnta*

D'ullmhaigh an Rialalaí Cuntais Bhliantúla an Chiste agus chuir iad faoi bhráid an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas le hiniúchadh de réir Alt 44 den Acht. Tá na cuntais seo iniúchta agus leagtha amach in Alt 3 den doiciméad seo.

## 1.3.4 Forfheidhmiú Trádmharcanna

Foráiltear leis an Acht go bhfuil an cáilmheas a bhaineann leis na hainmneacha "Crannchur Náisiúnta na hÉireann" agus "Crannchur Náisiúnta" agus a gcóibhéis sa Ghaeilge agus le hainm aon chluiche crannchuir sealbhaithe faoin gCeadúnas dílsithe san Aire.  De bhun alt 9(5) den Acht féadfaidh an Rialálaí aon trádmharcanna a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Ceadaítear don Oibritheoir leis an gCeadúnas trádmmharc agus lógó an Chrannchuir Náisiúnta a úsáid faoi réir roinnt coinníollacha lena n-áirítear iad seo a leanas:

(a) Cinnteoidh an tOibritheoir go mbíonn Lógó an Chrannchuir Náisiúnta le feiceáil ar dhuillíní imeartha agus ticéid fisiciúla go léir agus doiciméid táirgthe ag an Oibritheoir curtha ar fáil d'imreoirí ina bhfuil faisnéis faoin gCrannchur Náisiúnta nó aon chluiche eile agus ar chomhfhreagras eisithe ag an Oibritheoir.

(b) Ní thabharfaidh an tOibritheoir cead d'aon Duine eile Trádmharc nó lógó nach Trádmharc ná lógó de chuid an Chrannchuir Náisiúnta é a úsáid i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta nó le cluiche ar bith de chuid an Chrannchuir Náisiúnta.

(c) Ní fhéadfaidh ach an tOibritheoir nó aon duine eile atá ceadaithe ag an Rialálaí aon Trádmharc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a úsáid i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta.

(d) Cinnteoidh an tOibritheoir nach sannann sé cearta a bhaineann le trádmharc an Chrannchuir Náisiúnta d'aon duine eile gan faomhadh an Riálálaí.

(e) Ní éileoidh an tOibritheoir cearta den sórt sin ach amháin iad atá tugtha dó faoin gCeadúnas agus ní dhéanfaidh sé aon rud a chuirfeadh isteach ar chlárú dá chearta ag an Aire.

(f) Tuairisceoidh an tOibritheoir sáruithe amhrasacha ag tríú páirtí a bhaineann le trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta don Rialálaí.

I 2016 mar chuid dá ghníomhaíochtaí leanúnacha rinne an Rialálaí monatóireacht ar úsáid trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta le linn na bliana.

Chomh maith leis sin, rinne an Rialtóir athbhreithniú téamúil ar chomhlíonadh an Oibritheora lena ndualgais trádmharcanna faoin gCeadúnas. Ní raibh aon bheart ag teastáil le déanamh mar thoradh ar an athbhreithniú.

# 1.4 Gnóthaí Corparáideacha

## 1.4.1 Straitéis

Le linn 2005 d'fhorbair an Rialálaí Plean Straitéiseach don tréimhse trí blain 2016 go 2018 ag leagan síos an Misean, Fís, Luachanna agus Cuspóirí Straitéiseacha. Lean an Rialálaí leis an bPlean Straitéiseach a fhorbairt agus a fheabhsú i 2016 ag tacú leis na Cuspóirí Straitéiseacha. Is é aidhm an Rialálaí leanúint ar aghaidh ag neartú a róil ar aon dul lena sainchúram reachtúil trí phleanáil ar aghaidh agus feabhsú leanúnach a chur i bhfeidhm.

Corpraíonn na ráitis seo a leanas croíchuspóir agus fócas straitéiseach Oifig an Rialálaí le linn 2016.

### *Fís an Rialálaí*

Is é fís an Rialálaí Crannchur Náisiúnta slán, inbhuanaithe agus a reáchtáiltear i gceart ag uasmhéadú cistí do chúiseanna maithe.

### *Misean an Rialálaí*

Is é misean an Rialálaí ná é seo a bhaint amach trí:

- Oibríochtaí an Chreannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus comhlíonadh mar a éilítear a chur i bhfeidhm.
- Moltaí ón Oibritheoir a bhreithniú agus iad a fhaomhadh de réir mar is cuí.
- Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú;
- Cearta forfheidhmithe trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a chur i bhfeidhm;
- A chinntiú go nglactar leis an gcleachtas is fearr i rialachas i mbainistiú agus rialú na hOifige.

### *Luachanna an Rialálaí*

Tá luachanna glactha ag an Rialálaí d'Oifig an Rialálaí le cur i bhfeidhm ina chuid ghníomhaíochtaí. Is iad na luachanna sin ná:

- Neamhspleáchas a chothú;
- Gníomhú le neamhchlaontacht agus macántacht i gcónaí.
- Oibriú go gairmiuil agus go héifeachtach;
- Ár ndúshláin uathúla a chomhlionadh agus a bheith nuálach inár gcur chuige;
- Trédhearcacht inár gcuid oibre a chothú; agus
- Luach daoine a thuiscint

Aithníonn an Oifig tábhacht a Físe, Misin agus Luachanna agus í á dtreorú acu.

## 1.4.2 Rialachas Corparáideach

*Cód Cleachtais Rialachas Corparáideach*

Ghlac an Oifig go luath le foráileacha laistigh den Chód maidir le Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá cleachtas rialachais Oifig an Rialálaí bunaithe ar Chód Cleachtais nuashonraithe do Comhlachtaí Stáit a rialú ("an Cód") a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016. Tá na forálacha laistigh den chód glactha mar is cuí ag an Oifig i gcomhthéacs riachtanais an Achta um Chrannchur Naisiúnta 2013. Tá comhaontas leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar ár gcomhlionadh ar feitheamh.

*Eitic in Oifigí Poiblí*

Tá an Oifig san áireamh in Ionstraim Reachtúil Uimh. 36 de 2015 chun críocha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001. Tá a gcuid dualgas comhlíonta ag an Rialálaí agus foireann ábhartha faoin reachtaíocht.

*Nochtadh Cosanta*

De réir Alt 214 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tá nósanna imeachta bunaithe ag an Oifig chun nochtadh cosanta maidir leis an Oifig agus a cuid oiibre agus chun plé le nochtadh den sórt sin a dhéanamh.

Maidir le 2016 ní ndearnadh aon nochtadh leis an Oifig faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

## 1.4.3 Acmhainní agus Foirniú

*Maoiniú*

Tá oibríochtaí an Rialálaí maoinithe trí thobhach ar an Oibritheoir de réir Alt 24 den Acht. Ba é €1,500,000 an tobhach do 2015 an chéad bhliain iomlán oibríochtaí. Mar sin tá sé innéacsaithe go bliantúil ar aon dul le Praghasinnéacs Tomhaltóirí.

Ba e €1,495,500 an tobhach do 2016.

*Foireann*

Ta smachtbhanna ag an Rialálaí do deichniúr foireann (an Rialálaí san áireamh) le hocht bpost líonta ag deireadh 2016.

## 1.4.4 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

D'Ullmhaigh agus chuir an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas cuntais bhliantúla an Rialálaí do 2016 faoi bhráid le haghaidh iniúchta. Tá na cuntais seo iniúchta agus leagtha amach in Alt 2 den doiciméad seo.

Mhaoirsigh an Rialalaí na ráitis airgeadais bhliantúla agus beartas cuntasaíochta, bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus saincheisteanna um luach ar airgead.

## 1.4.5 Iniúchadh Inmheánach

Chomhaontaigh an Rialálaí clár d'iniúchtaí inmheánacha a rinne Capita, iniúchóirí inmheánacha ceaptha ag an Oifig, i 2016. Rinne iniuchóirí inmheánacha líon áirithe iniúchtaí ar leithligh ar rialuithe inmheánacha, rialachas faisnéise agus TCF agus chuir an Rialálaí na tuarascálacha isteach. D'ullmhaigh príomhfheidhmeannach an Rialálaí pleananna gníomhaíochta chun tabhairt faoi torthaí iniuchta.

## 1.4.6 Bainistíocht Riosca

Tá an Oifig agus ina ról agus ina cuid feidhmeanna nochtaithe d'éagsúlacht rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla agus airgeadais. D'fhéadfadh na rioscaí seo teacht chun cinn ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha agus d'fhéadfaidís éifeacht a bheith acu ar cumas na hOifige a cuspóirí a bhaint amach nó cosc a chur le hiad a bhaint amach.

Ar aon dul le deachleachtas ta beartas riosca forbartha ag an Oifig chun na rioscaí atá ann a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Tá Coiste Riosca curtha ar bun; is é an ról atá aige ná comhairle a chur ar an Rialálaí ar chúrsaí riosca ag cinntiú go bhfuil córais a dhóthain in ionad. Déanann an Coiste Riosca monatóireacht ar Chlár Rioscaí Corparáideach ar bhonn leanúnach agus nuashonraíonn sé é.  Déanann an Coiste athbhreithniú ar an gClar Rioscaí go bliantúil. Déantar athbhreithniú ar rioscaí arda, rioscaí nua agus rioscaí atá ag athrú ar an gClár Rioscaí dhá uair sa bhliain chomh maith.

## 1.4.7 Ceanglais Reachtacha

### *Teangacha Oifigiúla*

Comhlíonann an Rialálaí reachtaíocht na dTeangacha Oifigiula.

### *Saoráil Faisnéise*

Tháinig an Rialálaí faoi scóip an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 ar an 14 Aibreán 2015. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig atá suas chun dáta leis an reachtaíocht reatha ag rialú iarratais um Shaoráil Faisnéise.

I gcomhlíonadh le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Oifig Scéim Foilsiúcháin le haird ar phrionsabail na hoscailte, trédhearcachta agus cuntasaiochta.

Fuair an Oifig trí hiarratas um shaoráil faisnéise le linn 2016 - iarratas pearsanta amháin agus dhá hiarratas neamhphearsanta.   Tá mionsonraí ar iarratas neamhphearsanta foilsithe i Loga Nochta um Shaoráil Faisnéise an Rialálaí foilsithe ag www.rnl.ie.

### *Idiú Fuinnimh*

Tá oifig amháin ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá suite i láthair Chuideachta Bheatha na hÉireann. Tá an oifig suite ar an gcéad urlár foirgneamh oifige iláitithe . Níl an t-achar urláir atá léasaithe níos mó ná 1000 méadar cearnóga ina bhfuil Deimhniú Fuinneamh Taispeána ag teastáil.

Tuairiscíonn an Rialálaí ar fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana Éireann faoi IR Uimh 542/2009 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Fuinnimh agus Éifeachtúlacht ar Úsáid Deiridh Fuinnimh) 2009.

I 2016 d'úsáid Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta 28.68 Mwh d'fhuinneamh ina raibh:

- 16.33 MWh de leictreachas agus
- 12.35 MWh de bhreoslaí iontaise (téamh)

# Aguisín: Feidhmíocht vs Caighdeáin Feidhmíochta PLI

Tá an t-eolas seo tógtha ó Thuarascáil a chuir an tOibritheoir ar fáil don Rialálaí.

| Bliain go 31 Nollaig 2016 | Caighdeán | Feidhmíocht Bainte Amach | Réamhaisnéis do 2017 |
|---|---|---|---|
| **Córais Ríomhaire** | | | |
| Teirminéal ar fáil chun ticéid a dhíol* | 99% Infhaighteacht | 99.91% | 99.5% |
| Infhaighteacht córas cluichíochta | 99% Infhaighteacht | 99.96% | 99.5% |
| Infhaighteacht suíomh gréasáin | 99% Infhaighteacht | 99.75% | 99.5% |
| **Íocaíocht Duaise** | | | |
| Éilimh níos mó ná €1,000 íoctha trí sheic tar éis cuairt a thabhairt ar Cheanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta. | 95% laistigh de 3 uaire<br>5% laistigh de 20 lá oibre | 100% | 98%<br>2% |
| Éilimh níos mó ná €1,000 íoctha trí sheic tar éis éileamh poist. | 95% laistigh de 5 lá oibre<br>5% laistigh de 20 lá oibre | 100% | 98%<br>2% |

* 7am go 10am gan sos tarraingthe a áireamh, 7 lá sa tseachtain, gan Lá Nollag agus éaradh réamhshocraithe a áireamh.

| Bliain go 31 Nollaig 2016 | Caighdeán | Feidhmíocht Bainte Amach | Réamhaisnéis do 2017 |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí Imreora - Teagmháil Ghutha** | | | |
| Infhaighteacht seirbhíse* | 99% Infhaighteacht | 100% | 100% |
| Glaonna freagraithe laistigh de 30 nóiméad | 70% | 91.09% | 90% |
| **Seirbhísí Imreora - Conradh Scríofa** | | | |
| Infhaighteacht seirbhíse** | 99% Infhaighteacht | 100% | 100% |
| Litreacha freagraithe laistigh de 5 lá oibre | 80% | 93.82% | 80% |
| Ríomhphoist freagraith laistigh de 2 lá oibre | 80% | 99.73% | 95% |
| Freagairtí ar ghearáin laistigh de 10 lá oibre | 95% | 100% | 95% |
| Réiteacha ar ghearáin agus fiosrúcháin ar an gcéad iarracht | 80% | 97.8% | 95% |

*8am go 8pm, 7 lá na seachtaine, gan Oíche Nollag, Lá Nollag agus Lá Caille a áireamh*

*** 9:15am go 5:30pm, Luan go hAoine, gan Lá Nollag agus laethanta saoire poiblí a áireamh.*

# Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

## Ráitis airgeadais 2016

# Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Rialálai an Chrannchuir Náisiúnta** | Carol Boate |
| **Seoladh** | Bloc D<br>Ionad Cuideachta Bheatha na hÉireann<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 W2H4 |
| **Baincéirí** | AIB, cpt.<br>40/41 Sráid Westmoreland<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 VY45 |
| **Aturnaithe** | Mason Hayes agus Curran<br>Teach Bhanc Theas<br>Sráid Barrow<br>Baile Átha Cliath 4<br>D04 TR29<br><br>Byrne Wallace<br>87/88 Sráid Fhearchairt<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 DK18 |
| **Iniúchóirí** | Ard - Reachtaire Ciste agus Cuntas<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Tá ráitis airgeadais Rialalaí an Chrannchuir Náisiúnta iniúctha agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Chrannchuir Náisiúnta 2013. Sna ráitis airgeadais tá ráiteas ar chúlchisití ioncaim coimeádtha, ráiteas faoin staid airgeadais, ráiteas sreabha airgid agus na nótaí bainteacha lena n-áirítear na beartais cuntasaíochta.  Tá na ráitis airgeadias ullmhaithe sa bhfoirm forordaithe faoi alt 22 den Acht agus de réir cleachtais chuntasaíochta glactha go coitianta in Éirinn.

### Freagrachtaí an Rialálai

Tá an Rialálaí freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cothrom agus fíor agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

### Freagracht an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas

Is é m'fhreagracht na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na coinníollacha speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire) agus i gcomhlíonadh leis na Caighdeáin Eitice um an Bord Cleachtais Iniúchta d'Iniúchóirí.

### Scóip iniúchta na ráiteas airgedais

Nuair atá iniúchadh á dhéanamh ar na ráitis airgeadais ní mór fianaise a dhóthain a fháil sna ráitis airgeadais faoi na méideanna agus nochtuithe, chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó míshonrú ábhartha cibé cúisithe trí chalaois nó earráid. Áirítear leis seo measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasíochta cuí do chúinsi an Rialálaí agus go bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtaithe a dhóthain nó nach bhfuil.
- an réasúntacht um mheastacháin chuntasaíochta shuntasacha déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais agus
- cur i láthair foriomlan na ráiteas airgeadais.

Iarraim freisin fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin léigh mé Tuarascáil an Rialálaí chun neamhréireachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má aithním aon mhíshonrú nó neamhréireachtaí ábhartha soiléire breithním Impleachtaí mo thuarascála.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim tugann na ráitis airgeadais

- léargas fíor agus cothrom ar na sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Rialálai an Chrannchuir Náisiúnta ag an 31 Nollaig 2016 agus dá ioncam agus chaiteachas do 2016; agus
- tá siad ullmhaithe i gceart de réir cleachtas cuntasaíochta glactha go coitianta.

I mo thuairim bhi taifid chuntasaíochta an Rialálaí a dhóthain ionas gurbh éasca na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis an taifid chuntasaiochta.

### Ábhair a ndéanaim tuairisce orthu trí eisceacht

Tuairiscím tri eisceacht mura bhfuil an t-eolas agus míniúcháin go léir atá ag teastáil uaim do m'iniúchadh faighte agam nó má thagaim trasna ar aon

- ásc ábhartha nach bhfuil airgead úsáidte chun na críocha a raibh i gceist dó nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis á rialú nó
- nuair nach bhfuil an t-eolas tugtha i dtuarascáil an Rialálai, ar aon dul leis na ráitis airgeadais bhainteacha nó leis an eolas faighte agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh nó
- ní théann an raíteas ar rialú inmheánach le comhlíonadh an Rialálaí leis an gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú.
- tá cúrsaí ábhartha eile i gceist a bhaineann leis an gcaoi ina gcomhlíontar gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na cúrsaí sin ar a bhfuil tuairisciú trí eisceacht.

**John Riordan**
**Don Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas agus ar son an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas**

6 Nollaig 2017

# Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha

Aithním m'fhreagracht a chinntiú go gcothaítear agus go n-oibrítear córas éifeachtúil rialú inmheánach.

Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha.

Tá Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta bunaithe faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 mar shealbhóir oifige aonair. Faoi reacht bunaítear an Oifig gan bord. Tá Cód Cleachtais glactha ag an Rialálaí d'fhonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a rialú bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoibli agus Athchóirithe um Chomhlachtai Stáit a Rialú (2016). Cuirtear monatóireacht ar éifeachtúlacht an chorais um rialú inmheánach ar an eolas trí obair Iniúchadh Inmheánach agus tuairimí tugtha ag an Ard-Reachtaire Ciste agus Cunttas ina litir bainistíochta nó tuarascálacha eile.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Is iad na priomhnósanna imeachta rialaithe atá curtha in ionad ag an Rialálaí chun rialú inmheánach éifeachtach a chur ar fáil ná: -

- struchtúr eagraíochta le nósanna imeachta tuairiscithe agus oibriúcháin soiléire.
- teorainneacha údaraithe, scaradh dualgas agus údaráis tarmligthe;
- Tá freagrachtaí bainistíochta sainmhínithe go soiléir curtha ar bun ar fud na hOifige agus tá pearsanra cáilithe fostaithe agus dualgais leithdháilte i gceart ina measc;
- próisis chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí: -
    - nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais rioscaí os chomhair an rialálaí a aithint lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a mheasann sí a bheith inghlactha.
    - measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí aitheana
    - measúnú a dhéanamh ar chumas an Rialálaí na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiu agus a mhaolú;
- próiseas buiséadáithe don Oifig faomhaithe ag an Rialálaí agus monatóireacht déanta air go míosúil;
- tacar beartas agus nósanna imeachta bainteach le rialuithe oibríochtúla agus airgeadais;
- áirítear i nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht na córais rialaithe inmheánacha obair an Iniúchta Inmheánaigh agus athbhreithnithe bainistíochta.

Breithníonn an Iniúchadh Inmheánach córais rialaithe na hOifige trí tuarascálacha airgeadais a scrúdú, cruinneas idirbheartaíochtaí a thastáil agus seachas sin dearbhuithe a fháil go bhfuil na córais ag oibriú de réir beartais agus riachtanais rialaithe na hOifige. Tuairiscítear trí Iniúchadh Inmheánach go díreach leis an Rialálaí maidir le hoibriú rialuithe inmheánacha agus déantar moltaí ar fheabhsuithe don timpeallacht rialaithe más cuí.

Tá creat láidir i bhfeidhm ag an Rialálaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht rialuithe inmheánacha ag clúdach rialuithe comhlíonta, bainistíocht riosca, oibríochtúil agus airgeadais agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht. Tá an Rialálaí sásta go bhfuil córas an rialaithe inmheánaigh cuí don Oifig.

Deimhním gur comhlíonadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh maidir le 2016 agus gur críochnaíodh é ar an 31 Márta 2017.

Deimhním go bhfuil Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta i gcomhlíonadh le rialacha soláthair reatha mar atá leagtha amach ag Oifig Soláthair an Rialtais.

Sínithe ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Carol Boate

**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

5 Nollaig 2017

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Rialálaí

Éilítear trí Alt 22 d'Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, ar an Rialálaí ráitis airgeadais a réiteach ina leithéid d'fhoirm a fhéadfaidh a bheith faomhaithe ag an Aire le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas.

Tá an Rialálaí freagrach as gnáthchuntais chearta go léir a choimeád ina leithéid d'fhoirm a fhaomhaítear ag an Aire mar a ordaíonn an tAire de réir alt 22.   Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, an Rialálaí a:

- Roghnaíonn beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus ansin cuireann sé nó sí iad i bhfeidhm go seasta;
- Déanann breitheanna agus meastacháin atá réasúnach agus stuama;
- Cuireann in iúl cibé an bhfuil caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe curtha in iúl faoi réir aon imeacht ábhair nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais;
- Ullmhaíonn na raitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ag feidhmiú.

Tá an Rialálaí freagrach as na ráitis airgeadais a chur faoi bhrád an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas le hiniúchadh agus as na ráitis airgeadais seo a ullmhú agus tuairisc an Ard-Reachtaine Ciste agus Cuntas chuig an Aire in éineacht le tuairisc ag an Rialálaí maidir le feidhmiocht a chuid feidhmeanna.

Sínithe ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta



**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

5 Nollaig 2017

# Ráiteas Faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeadtha

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2016 € | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2015 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 3 | 1,495,500 | 1,500,000 |
| Costais riaracháin | 4 | (1,050,826) | (700,881) |
| **Barrachas oibríochtúil** | | 444,674 | 799,119 |
| Ús infhála | | 129 | - |
| **Barrachas don bhliain** | | **444,803** | **799,119** |
| **Tuillimh choimeádtha ag tús na bliana** | | **906,333** | **107,214** |
| **Tuillimh choimeádtha ag deireadh na bliana** | | **1,351,136** | **906,333** |

Tá caillteanais agus gnóthachain go leir don bhliain reatha agus don bhliain roimhe seo san áireamh sa ráiteas ioncaim agus éiríonn as oibriúcháin leanúnacha.

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

5 Nollaig 2017

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

## mar atá ag an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 18,057 | 24,260 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Fiachóirí | 9 | 106,203 | 1,036,835 |
| Airgead tirm agus cóibhéiei airgid thirim | | 1,611,253 | 106,540 |
| | | 1,717,456 | 1,143,375 |
| **CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh den bhliain)** | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 10 | (384,377) | (261,302) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 1,333,079 | 882,073 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | **1,351,136** | **906,333** |
| **IONADAITHE AG** | | | |
| Tuillimh coimeádtha carnach | 12 | **1,351,136** | **906,333** |

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

5 Nollaig 2017

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2016 € | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2015 € |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla** | | | |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | | 444,674 | 799,119 |
| Dímheas | 8 | 10,362 | 7,771 |
| (Méadú) / Laghdú i bhfiachóirí | | 930,632 | (905,328) |
| Méadú / (Laghdú) i gcreidiúnaithe | | 123,075 | 236,029 |
| **Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla** | | 1,508,743 | 137,591 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | 8 | (4,159) | (31,051) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Ús faighte | | 129 | - |
| **Méadú in airgead tirm agus cóibhéiei airgid thirim** | | **1,504,713** | **106,540** |
| **Airgead tirm agus cóibhéiei airgid thirim ag tús na bliana airgedais** | | **106,540** | **-** |
| **Airgead tirm agus cóibhéiei airgid thirim ag deireadh na bliana airgedais** | | **1,611,253** | **106,540** |

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

5 Nollaig 2017

# Notaí (ag déanamh suas cuid de na Ráitis Airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar na nglacadh ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leagtha amach thíos. Tá siad curtha i bhfeidhm go seasta ar feadh na bliana agus an tréimse roimhe sin.

### *(a) Ráiteas Comhlíonta*

Tá na raitis airgeadais ullmhaithe i gcomhlionadh leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 an caighdeán airgeadais infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann (“FRS 102” eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### *(b) Bonús Ullmhúcháin*

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhraithe de réir prionsabail chuntasaíocht a bhfuil glacadh coitianta leo agus faoi choinbhinsiún costais stairiúil.

### *(c) Ioncam Tobhaigh*

Is éard is ioncam tobhaigh ná an méid a fhaigheann an Rialálaí faoin gceadúnas ó Oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta maidir leis an tréimhse.

### *(d) Aitheantas Caiteachais*

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe mar a thabhaítear.

### *(e) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh*

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh sonraithe ag costas luide dímheas carnach. Tá dímheas gearrtha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais riofa chun an costas sócmhainní thar a mbeatha úsáideacha measta a dhíscríobh faoi mhodh líne dhíreach ag an ráta bliantúil 331/3% do threalamh ríomhaire agus córas teileafóin agus 20% do shócmhainní go léir eile ó dháta éadála.

### *(f) Airgeadraí Eachtracha*

Tá na ráitis airgeadais cur i láthair in Euro (€).

Aistrítear idibhearta ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach in euro le linn na bliana agus áiritear iad sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach in euro rátai malairte a rialaíonn ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachain agus caillteanais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

# Notaí (ag déanamh suas cuid de na Ráitis Airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### *(g) Leasa fostaí*

**Leasa gearrthéarmacha**

Aithnítear leasa gearrthéarmacha mar phá laethanta saoir mar chostas sa bhliain agus áirítear leasa a fhabhraítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na gCreidiúnaithe agus fabhruithe sa Ráiteas don Staid Airgeadais.

**Sochair scoir**

Foláiltear trí Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 go bhféadfaidh an Rialálaí le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe coinníollacha seirbhíse lucht foirne a chinntiú.

Tá an Rialálaí ag bunú socruithe pinsin faoi láthair maidir le fostaithe go léir i gcomhoibre leis an Roinn agus ag déanamh na laghduithe riachtanacha ó thuarastail atá á gcoimeád ag an Rialálaí le tarchur chuig an Roinn sa todhchaí ach n-ach n-aithnítear mar ioncam. Tá an Rialálaí ag soláthar ranníocaiocht ag ráta 25% do Scéim Neamhaonair agus ag ráta trí huaire ranníocaiocht fostaí do bhall sa Scéim Aonair. Faoi réir críochnú na socruithe leis an Roinn, ní mheasann an Rialálaí gur dealraitheach go mbeidh ar oifig an Rialálaí acmhainní a aistriú a chorpraíonn leasa eacnamaíocha (seachas do gnáthranníocaíochtaí fostaí) le haghaidh sochar iníoctha do bhaill. Ní mheastar go n-éireoidh rioscaí achtúracha nó infheistíochta d'oifig an Rialálaí.

Mar thoradh is é an beartas cuntasaíochta maidir le pinsin iad a chaitheamh mar phlean ranníocaíochta sainithe de réir FRS 102. Féach nóta 11 le haghaidh mionsonraí breise.

### *(h) Breitheanna agus meastúcháin chuntasaíochta chriticiúla.*

Nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú éilítear ar lucht bainistíochta breitheanna, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a mbíonn éifeacht acu ar an méid a thuairiscítear do shómhainní agus dliteanais mar atá i gceist ag an dáta don ráiteas um an staid airgeadais agus na méideanna tuairiscithe d'ioncam agus caiteachas le linn na bliana. Mar sin féin ciallaíonn nádúr meastachán go bhféadfaí difríocht a bheith idir forthorthaí iarmhír agus na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breitheanna seo a leanas ar mhéideanna aithnithe sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag an Rialálaí ar bheathaí sócmhainní agus luachanna iarmharacha bainteacha ar ranganna sócmhainní seasta go léir agus go háirithe an bheatha eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas agus agus thángthas ar an tátal go bhfuil beathaí sócmhainní agus luachanna iarmharacha cuí.

# Notaí (ag déanamh suas cuid de na Ráitis Airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 2. Bunú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Bunaíodh Oifig an Chrannchuir Náisiúnta atá suite ag Bloc D Ionad Chomhlacht Bheatha na hÉireann, Baile Átha Cliath 1 faoi Alt 7 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 agus tá sealbhóir na hOifige aitheanta mar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Ceapadh an chéad Rialálaí den Chrannchur Náisiúnta ar an 17 Samhain 2014.

Cuirtear na ráitis airgeadais seo faoi bhráid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016. Tá méideanna comparáideacha i ndail leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2015.

Tá mionsonraí i ndáil le hoibríochtaí an Rialálaí agus a phríomhghníomhaíochtaí san áireamh i dTuarascáil an Rialálaí in Alt 1.

## 3. Ioncam

Foráiltear in Alt 24 d'Acht an Chrannchuir Náisiúnta 2013 do thobhach bhliantúil a íoc ag Oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta don Rialálaí. Is é €1,500,000 méid an tobhaigh mar a shonraítear sa cheadúnas leis an oibritheoir, faoi réir innéacsaithe le Praghasinnéacs Tomhailteoirí. Chuir an tOibritheoir do 2016 an meán Praghasinnéacs Tomhailteoirí de -0.3% don 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2015 mar a foilsíodh ag an Príomh-Oifig Staidrmh ar an 14 Eanáir 2016.

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam tobhaigh don bhliain | 1,495,500 | 1,500,000 |

## 4. Costais Riaracháin

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail agus costais foirne (Nótaí 5 agus 6) | 661,812 | 321,908 |
| Táillí gairmiúla (Nóta 7) | 139,438 | 164,549 |
| Iniuchadh | 19,729 | 21,980 |
| Cíos, muirir seirbhíse agus cothú | 119,592 | 105,444 |
| Glantachán, teas agus solas | 5,381 | 3,798 |
| Árachais | 21,117 | 5,443 |
| Taisteal agus cothabháil | 1,288 | 2,106 |
| Costais earcaíochta | (335) | 30,998 |
| Costais oiliúna agus ballraíocht | 14,555 | 8,514 |
| Solathair agus trealamh oifige | 15,437 | 11,203 |
| Teicneolaíocht cumarsáide agus faisnéise | 29,782 | 14,738 |
| Foilsiúcháin | 6,357 | - |
| Dímheas | 10,362 | 7,771 |
| Costais riaracháin eile | 6,311 | 2,429 |
| | **1,050,826** | **700,881** |

Den mhéid iomlán taistil agus cothaithe nochta thuas tá €144 i ndáil le taisteal náisiúnta agus €1,144 i ndáil le taisteal idirnáisiúnta. San áireamh i gcostais riaracháin eile do 2016 tá méid €217 i ndáil le fáilteachas.

# Notaí (ag déanamh suas cuid de na Ráitis Airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 5. Costais Tuarastal agus Foirne

Maidir leis an seisear príomhphearsanra bainistíochta ba mar seo a leanas a bhí an cúiteamh comhiomlán don bhliain:

| | € |
|---|---|
| Tuarastail agus sochair fostaí gearrthéarmacha | 445,640 |
| Sochair iarfhostaíochta | 89,493 |
| Sochair foirceanta | - |
| Cúiteamh iomlán do phríomhbhainistíocht | 535,133 |

Tá aird á díriú freisin ar Nóta 6 - Luach Saothair Rialálaí

Ba é an líon fostaithe ag tuilleamh breis is €60,000 sa bhliain mar seo a leanas:

**Raon Sochar Fostaí Iomlána (seachas costais pinsin fostaí)**

| Ó | | Go | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| € | | € | 2016 | 2015 |
| 60,000 | - | 69,999 | 2 | - |
| 70,000 | - | 79,999 | 1 | - |
| 80,000 | - | 89,999 | 1 | - |
| 90,000 | - | 99,999 | - | - |
| 100,000 | - | 109,999 | - | - |
| 110,000 | - | 119,999 | 1 | 1 |

An méid comhiomlán cúitimh iomláin íoctha d'fhostaithe i 2016 inar raibh ranníocaíochtaí fostóirí €87,732 do phinsean (2015:  €59,257 ná €609,782 (2015: €298,140). An líon foirne coibhéis lánaimseartha fostaithe ag Oifig an Rialálaí (lena n-áirítear an Rialálaí) i 2016 ná 9 (2015: 7).

## 6. Luach Saothair an Rialálaí

Ba é tuarastal an Rialálaí do 2016 ná €113,697 (2015: €113,081). ÁSPC Fostóra i ndáil leis an Rialálaí ná €11,229 (2015: €11,121). Fuair a Rialálaí costais taistil agus cothabhála de €518 (2015: €1,018) agus €náid (2015: €náid) i ndáil le costais eile. Tá teidliochtaí an Rialálaí ar aon dul le teidlíochtaí caighdeánacha na scéime aoisliúntais sochair sainithe mar atá i samhail na rannóige poiblí. Ní bhfuair an Rialálaí aon réamhpheorcaisí nó sochair i 2016.

## 7. Táillí Gairmiúla

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 72,161 | 49,895 |
| Cáin agus comhairleach airgeadais | 15,528 | 63,950 |
| Caidrimh phoiblí/margaíocht | 29,520 | 19,560 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 1,755 | - |
| Comhairleacht Chrannchuir | 10,962 | - |
| TF agus Eile | 9,512 | 31,144 |
| | 139,438 | 164,549 |

Tá na méideanna go léir nochta thuas mar sheirbhísi dlí i ndáil le táillí dlí.

# Notaí (ag déanamh suas cuid de na Ráitis Airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 8. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Ríomhaire Trealamh € | Feisteas Oifige, Troscán agus Trealamh € | Córas Teileafóin € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| ag an 31 Nollaig 2015 | 21,984 | 5,893 | 4,182 | 32,059 |
| Rudaí breise le linn na bliana | 4,159 | - | - | 4,159 |
| Diúscairtí le linn na bliana | - | - | - | - |
| Ag an 31 Nollaig 2016 | 26,143 | 5,893 | 4,182 | 36,218 |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2015 | 6,676 | 310 | 813 | 7,799 |
| Muirear don bhliain | 7,790 | 1,178 | 1,394 | 10,362 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | - | - |
| Ag an 31 Nollaig 2016 | 14,466 | 1,488 | 2,207 | 18,161 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2016 | 11,677 | 4,405 | 1,975 | 18,057 |
| Ag an 31 Nollaig 2015 | 15,308 | 5,583 | 3,369 | 24,260 |

## 9. Fiachóirí

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Ioncam fabhraithe | 85,793 | 1,016,123 |
| Aisíocaíochtaí | 18,205 | 18,972 |
| Cártaí Taistil | 1,979 | 1,572 |
| Rothaíocht chuig an Obair | 226 | 168 |
| | **106,203** | **1,036,835** |

# Notaí (ag déanamh suas cuid de na Ráitis Airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 10. Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh den bhliain)

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála agus fabhraithe | 126,532 | 157,582 |
| Soláthar pinsin (Nóta 11) | 187,066 | 74,074 |
| Ceidiúnaithe éagsúla /Cárta Víosa | 217 | 243 |
| ÍMAT/ÁSPC | 21,602 | 15,761 |
| Tobhach Pinsin | 41,803 | 12,768 |
| Laghduithe cumainn | 212 | 322 |
| Dliteanas Cánach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 5,829 | - |
| Dliteanas CBL | 1,116 | 552 |
| | **384,377** | **261,302** |

## 11. Soláthar pinsin

Cuireadh dréachtscéim pinsin le sochar sainithe d'Oifig an Rialálaí bunaithe ar shamhail na Seirbhíse Poiblí faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoibli agus Athchóirithe le faomhadh ar an 24 Samhain 2015 agus táthar ag fanacht lena faomhadh. Gearrtar ranníocaíochtaí 25% sa bhliain lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaí ó phá inphinsin don Scéim Neamhaonair agus trí huaire ranníocaíochtaí fostaí do bhaill na Scéime Aonair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Tá na ranníocaíochtaí carntha coimeádtha do chuntas an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Beidh teidliochtaí sochair fostaithe mar fheidhm dá seirbhis le hOifig an Rialálaí agus dá seirbhís roimhe seo sa státseirbhís no sa tseirbhís poibli más cuí. Níl Oifig an Rialalaí maoinithe maidir le teidlíochtaí sochair den sórt sin. Ní dealtaitheach go mbeidh dualgas ar Oifig an Rialálaí acmhainní a aistriú a chorpraíonn sochair eacnamaíocha (seachas do ghnáthranníocaíochtaí fostaí) do shochair iníoctha do bhaill. Ní mheastar go n-éireoidh rioscaí achtúracha nó infheistíochta d'Oifig an Rialálaí.

Mar thoradh air sin ní mheastar go mbeadh feidhm ag na ceanglais in FRS, 102 maidir le pleananna sochar sainithe agus ní mheastar go mbeidh aon nochtuithe breise ag teastáil.

## 12. Tuillimh Coimeádtha Carnacha 2016

| | **2016** € |
|---|---|
| Ag tús na bliana | 906,333 |
| Barrachas don bhliain | 444,803 |
| Tuillimh choimeádtha ag deireadh na bliana | **1,351,136** |

## 13. Tiomantais Chaipitiúla

Níl aon tiomantais do chaiteachas caipitiúil ag an 31 Nollaig 2016.

## 14. Faomhadh ar Ráitis Airgeadais

D'Fhaomhaigh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na ráitis airgeadais ar an 5 Nollaig 2017

# Ciste an chrannchuir Náisiúnta

## Ráitis Airgeadais 2016

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta
# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**Ciste an Chrannchuir Náisiúnta**

Tá Ciste an Chrannchuir Náisiúnta iniúchta agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Chrannchuir Náisiúnta 2013. Sna raitis airgeadais tá fáltais agus íocaíochtaí na gcuntas, an cúlchiste agus nótaí bainteacha. Is é an creat tuairiscithe atá i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná an fhormáid sonraithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Alt 22 den Acht.

**Fhreagairtí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

Tá an Rialálaí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid shonraithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas**

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire) agus i gcomhlíonadh leis na Caighdeáin Eitice um an Bord Cleachtais Iniúchta d'Iniúchóirí.

**Scóip iniúchta an chuntais**

Nuair atá iniúchadh á dhéanamh ar na ráitis airgeadais ní mór fianaise a dhóthain a fháil sna ráitis airgeadais faoi na méideanna agus nochtuithe, chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha cibé cúisithe trí chalaois nó earráid. Áirítear leis seo measúnú ar

- chibé an bhfuil na cleachtais chuntasaíochta cuí agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nochtaithe a dhóthain nó nach bhfuil.
- an réasúntacht um mheastacháin chuntasaíochta shuntasacha déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Iarraim freisin fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta.

**Tuairim ar an gcuntas**

I mo thuairim gabhann na ráitis airgeadais i gceart leis

- na híocaíochtaí isteach agus amach chuig agus ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta do 2016 agus
- Iarmhéid an Chiste ag an 31 Nollaig 2016

I mo thuairim bhí taifid chuntasaíochta an Rialálaí a dhóthain ionas gurbh éasca na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis an taifid chuntasaíochta.

**Ábhair a ndéanaim tuairisce orthu trí eisceacht**

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfuil an t-eolas agus míniúcháin go léir atá ag teastáil uaim do m'iniúchadh faighte agam nó má thagaim trasna ar aon

- ásc ábhartha nach bhfuil airgead úsáidte chun na críocha a raibh i gceist dó nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis á rialú nó
- nuair nach dtéann an ráiteas ar rialú inmheánach le comhlíonadh an Rialálaí leis an gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú nó
- tá cúrsaí ábhartha eile i gceist a bhaineann leis an gcaoi ina gcomhlíontar gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na cúrsaí sin ar a bhfuil tuairisciú trí eisceacht i gceist.

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas**

6 Nollaig 2017

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha

Mar Rialálai an Chrannchuir Náisiúnta aithnim m'fhreagairt as a chinntiú go gcothaítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú inmheánach maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta. Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha.

Tá freagracht ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí Chiste an Chrannchuir Náisiúnta agus iad a rialú. Tá Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta bunaithe faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 mar shealbhóir oifige aonair. Faoi reacht bunaítear an Oifig gan bord. Tá Cód Cleachtais glactha ag an Rialálaí d'fhonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a rialú bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoibli agus Athchóirithe um Chomhlachtai Stáit a Rialú (2016). Cuirtear monatóireacht ar éifeachtúlacht an chorais um rialú inmheánach ar an eolas trí obair Iniúchadh Inmheánach agus tuairimí tugtha ag an Ard-Reachtaire Ciste agus Cunttas ina litir bainistíochta nó tuarascálacha eile.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Is iad na priomhnósanna imeachta rialaithe atá curtha in ionad ag an Rialálaí chun rialú inmheánach éifeachtach a chur ar fáil ná: -

- struchtúr eagraíochta le nósanna imeachta tuairiscithe agus oibriúcháin soiléire;
- teorainneacha údaraithe, scaradh dualgas agus údaráis tarmligthe chun idirbhearta Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a fhaomhadh agus a phróiseáil;
- Córas chun taifead agus réiteach n-idirbheart próiseáilte go léir a éascú agus rian iniúchta iomlán a chur ar fáil orthu;
- próisis chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí: -
    - o nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais rioscaí os chomhair Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a aithint lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a mheasann an Rialálaí a bheith inghlactha.
    - o measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí aitheana
    - o measúnú a dhéanamh ar chumas an Rialálaí na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiu agus a mhaolú;
- monatóireacht agus reitigh seachtainiúla ar mhéideanna próiseáilte i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta;
- tacar beartas agus nósanna imeachta bainteach le rialuithe oibríochtúla agus airgeadais;
- áirítear i nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht na córais rialaithe inmheánacha obair an Iniúchta Inmheánaigh agus athbhreithnithe bainistíochta.

Breithníonn an tIniúchadh Inmheánach córais rialaithe an Chiste trí tuarascálacha airgeadais a scrúdú, cruinneas idirbheart a thastáil agus seachas sin dearbhuithe a fháil go bhfuil na córais ag oibriú de réir beartais agus riachtanais rialaithe an Chiste. Tuairiscítear trí Iniúchadh Inmheánach go díreach leis an Rialálaí maidir le hoibriú rialuithe inmheánacha agus déantar moltaí ar fheabhsuithe don timpeallacht rialaithe más cuí.

Tá creat láidir i bhfeidhm ag an Rialálaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht rialuithe inmheánacha ag clúdach rialuithe comhlíonta, bainistíocht riosca, oibríochtúil agus airgeadais agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht. Tá an Rialálaí sásta go bhfuil córas an rialaithe inmheánaigh cuí don Chiste.

Deimhním gur comhlíonadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh maidir le 2016 agus gur críochnaíodh é ar an 31 Márta 2017.

Deimhním go bhfuil Ciste an Chrannchuir Náisiúnta i gcomhlíonadh le rialacha soláthair agus treoirlínte reatha mar atá leagtha amach ag Oifig Soláthair an Rialtais.

Sínithe ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

5 Nollaig 2017


# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta
# Cuntas ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

| | | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nóta** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Faighte ón oibritheoir | 4 | | 462,451 | | 411,284 |
| Lúide:<br>Íoctha leis an oibritheoir maidir le | 5 | | | | |
| Duaiseanna | | 180,045 | | 158,079 | |
| Teidlíocht Oibritheora | | 68,961 | 249,006 | 74,085 | 232,164 |
| | | | 213,445 | | 179,120 |
| Lúide:<br>Íoctha leis an Rialálaí maidir le Tobhach Rialálaí | 10 | | 2,426 | | 615 |
| | | | 211,019 | | 178,505 |
| Ús Infheistíochta Faighte/Íoctha) | 6 | | (202) | | (129) |
| | | | 210,817 | | 178,376 |
| Aistrithe go dtí an Lárchiste | 7 | | (218,957) | | (193,369) |
| Méadú (Laghdú) in Infheistíocht aistrithe go (ó) Chúlchiste | | | (8,140) | | (14,993) |

## CUNTAS CÚLCHISTE

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | Nóta | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid i dtaisce ar an 1 Eanáir | | 42,264 | 57,257 |
| Méadú / (Laghdú) in Infheistíocht | | (8,140) | (14,993) |
| Iarmhéid i dtaisce ar an 31 Nollaig | 6 | 34,124 | 42,264 |
| Lúide:<br>Iarmhéid glan dlite do Chuideachta Chrannchuir Náisiúnta An Post | 8 | 0 | (616) |
| Iarmhéid coimeádtha maidir le duaiseanna éagtha stairiúla | 9 | (16,092) | (16,092) |
| Dliteanas ar Thobhach an Rialálaí | 10 | (86) | (1,017) |
| Iarmhéid ar fáil le leithdháileadh tríd an Lárchiste | 7 | 17,946 | 24,539 |

Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo



**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

5 Nollaig 2017

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta
# Nótaí leis na Cuntais

## 1. An Crannchur Náisiúnta

Leanann an Crannchur Náisiúnta a bunaíodh i 1986 de réir Achta um Chrannchur Náisiúnta 2013 ("An tAcht"). Ar an 30 Samhain 2014, thosaigh Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta ("PLI"), cuideachta cláraithe Éireannach, mar oibritheoir faoi cheadúnas ("an Ceadúnas") ar feadh 20 bliain bronnta ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an 27 Feabhra 2014.

## 2. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Leantar ar aghaidh leis an gCiste Chrannchuir Náisiúnta ("an Ciste") a bunaíodh faoi Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 de bhua Alt 44 d'Acht an Chrannchuir Náisiúnta 2013. Faoi Alt 7 den Acht cheap an tAire Caiteachais Phoibli agus Athchóirithe Rialálaí an Ciste Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus de réir Alt 44 den Acht, bainistíonn agus rialaíonn sé an Ciste.

Faigheann an Ciste fáltais an Chrannchuir Náisiúnta on oibritheoir agus íocann méideanna i ndáil le duaiseanna, tobhach bliantúil an Rialálaí agus teidlíochtaí na n-oibritheoirí faoin gceadúnas. Aistrionn an Rialálai cistí ag tréimhsí socraithe ag an Aire don Státchiste (tar éis foráil chuí do dhliteanais ionchais agus teagmhasacha) le cur i bhfeidhm chun críocha leagtha amach san Acht. Ríomhtar na méideanna dlite do Chúiseanna Maithe mar a leagtar amach san Acht agus sa Cheadúnas mar 65% d'ollioncam cluichíochta.

De réir clásal 6.2 den Cheadúnas oibríonn an rialálaí cuntas Ciste an Chrannchuir Náisiúnta i mBanc Ceannais na hÉireann.

## 3. Cuntais an Chiste

Méideanna mionsonraí cuntais íoctha isteach agus ag an gCiste le linn na bliana faoi athbhreithniú in éineacht le hanailis ar an iarmhéid ar láimh ag deireadh na bliana. Faoi alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 ni mór don Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas cuntais an Chiste a iniúchadh agus ní mór don Rialálaí cóip d'achoimre na gcuntas in éineacht le cóip na tuarascála ón Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas a chur faoi bhráid tithe an Oireachtais.

## 4. Méideanna faighte ón oibritheoir

Mar a éilítear faoin Acht sna méideanna a fhaightear ón oibritheoir tá fáltais ó thicéid a dhíol lúide luach saothair míondíoltóirí agus duaiseanna beaga.

Na méideanna a fuarthas ón Oibritheoir i 2016 ná €462 milliún i 2016 (2015: €411 milliún). Tá an méadú i méaideanna faighte comhsheasmhach leis an méadú i leibhéal díolachán tairgí an Chrannchuir ag Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta (PLI) do 2016.

## 5. Méideanna íoctha leis an Oibritheoir

Na méideanna íoctha leis an Oibritheoir i 2016 ná €249 milliún i 2016 (2015: €232 milliún), €180 milliún i ndáil le híocaíochtaí duaiseanna (2015: €158 milliún) €69 milliún i ndail le teidlíocht oibritheora (2015: €74 milliún).

Ríomhtar íocaíochtaí i ndail le teidliocht oibritheora bunaithe ar théarmaí an Cheadúnais.

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta Nótaí leis na Cuntais

## 6. Infheistíochtaí an Chiste

Coimeádtar airgead go léir an Chiste i gcuntas taisce, curtha i dtaisce le Banc Ceannais na hÉireann. Tá ús diúltach á ghearradh ar an gcuntas seo ó Mheitheamh 2014. Tagann sé seo chun chinn as Cinneadh an Bhainc Cheannais Eorpaigh (CE/2014/23) a bhaineann le luach saothair taiscí, iarmhéideanna agus sealúchais chúlchistí iomarcacha a mbíonn éifeacht acu ar luach saothair taiscí rialtais ag Bainc Cheannais Náisiúnta.  Ríomhtar ús ar bhonn laethúil agus íoctar é dhá uair sa bhliain. Ba é méid an úis mheasta fhabhraithe agus neamhíoctha ag an gCiste ag deireadh na bliana ná €59,651.

## 7. Aistrithe go dtí an Lárchiste

Ag leanúint ar foráil do dhliteanais reatha an Chiste agus aon dliteanais ionchais nó teagmhasacha, socraíonn an Rialálaí aistriú cistí le linn na bliana ar eatraimh arna gcinntiú ag an Aire ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an Príomhchiste.  Vótálann an tOireachtas leithdháileadh airgid an Phríomhchiste do thairbhithe tríd an bpróiseas Meastacháin bhliantúla agus eisítear airgead le linn na bliana agus tuairisc air trí na Cuntais Leithghabhála.

## 8. Iarmhéid glan dlite do Chuideachta Chrannchuir Náisiúnta An Post( “APNLC”)

Rinneadh na haistrithe idir APNLC (oibritheoir roimhe seo) agus an Crannchur Náisiúnta ar bhonn lá go lá suas go dtí 29 Samhain 2014 (an dáta a stop APNLC ag oibriú an Chrannchuir Náisiúnta) bunaithe ar staid an airgid thirim.

Ag leanúint ar aistriú oibríocháin go Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta (PLI), (oibritheoir nua) measadh gur €0.6 milliún an méid iarmharach dlite do APNLC ag an 31 Nollaig 2015. Tá deimhnithe ag APNLC ó shin nach mbeidh an méid á choimeád i ndáil le dliteanais phoitéinsiúla APNLC ag teastail a thuilleadh.  Ba é an toradh a bhí ar an srianadh cistí seo ag an 31 Nollaig 2016 ná laghdú go náid.

## 9. Iarmhéid coimeádtha maidir le duaiseanna éagtha stairiúla

Ag an 31 Nollaig 2016 leantar le méid €16.092 milliún a bheith aitheanta mar shrianadh ar chistí le leithdháileadh.  Tá an méid seo i ndáil le duaiseanna éagtha ag éirí faoin gceadunas roimhe seo le APNLC. De bhrí go mbaineann sé seo le duaiseanna éagtha ag idirthréimhse an Cheadúnais níl aon mhéadú sa mhéid sin.

Tá srianadh ar infhaighteacht na gcistí seo le haghaidh leithdháilte ag feitheamh ar chinneadh an dliteanais don mhéid sin.  Ta an cinneadh faoi réir comhairliúchán leanúnach ag an Rialálaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta (PLI).

Úsáidtear duaiseanna nár éilíodh faoin gCeadúnas ag Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta (PLI) do ghníomhaíochtaí spreagtha an Chrannchuir Náisiúnta de réir clasál 6.9 den Cheadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú.

## 10. Dliteanas ar Thobhach an Rialálaí

De réir Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 foráiltear leis an gceadúnas íocaíocht bhliantúil ó Phríomhchrannchuir na hÉireann Teoranta (PLI) leis an Rialálaí faoi chomhair costas a tabhaíodh i gceart ag an Rialálai.  Tógtar méideanna den sórt sin ó íocaíochtaí le Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta (PLI) agus coimeádtar iad i gCiste le híoc leis an Rialálaí.    €85,793 an méid dlite don Rialalaí ag an 31 Nollaig 2016.

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta
# Nótaí leis na Cuntais

## 11. Iarmhéid glan idir Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta ("PLI") agus an Ciste

De bhi go bhfuil na cuntais curtha i láthair ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí níl aon fhoráil déanta d'aon iarmhéid idir Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta (PLI) agus an Ciste ag an 31 Nollaig 2016. Tá cinneadh aon mhéideanna den sórt sin faoi réir plé leanúnach ag an Rialalaí le Príomhchrannchuir na hÉireann Teoranta (PLI) agus an Roinn Caiteachais Phoibli agus Athchoirithe. Déanfar socrú ar mhéideanna den sórt sin nuair a chinntítear.

## 12. Táille iniúchta

Íocfaidh Oifig an Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an táille iniúchta do 2016 agus do bhlianta ina dhiaidh sin. Is é €5,000 an táille iniúchta do 2016.

## 13. Faomhadh Chuntas an Chrannchuir Náisiúnta.

D'fhaomhaigh an Rialálaí Ciste an Chrannchuir Náisiúnta i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2016 ar an 5 Nollaig 2017.

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

Block D,
Irish Life Centre,
Lower Abbey Street
Dublin 1
D01 W2H4

Tel: +353 (1) 872 7932
Email: info@rnl.ie
Url: www.rnl.ie